An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Bealtaine 2024, Eagrán 5

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Is é seo an ceathrú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Príomh-nuashonraithe

Tá an glao ar iarratais ó scoileanna a bheith mar chuid de Chéim a hAon dúnta anois.

Tá sceideal do gach Tráinse faoi chur i bhfeidhm Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ar fail anois.

## Comhdháil i bPáirc an Chrócaigh do Ceannáirí Scoile

Tá tuairisc ar an Chomhdháil um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí do Cheannairí Scoile, agus na fiseáin agus sleamhnáin ón lá ar fáil anseo. Achoimrítear i gCuid A den tuairisc seo na láithreoireachtaí, na seisiúin ar leithligh, na seisiúin faisnéise agus na díospóireachtaí painéil a cuireadh ar siúl agus Iniúchtar i gCuid B den tuairisc seo na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ó lá na comhdhála, ar téamaí iad a gabhadh ón ionchur a thug toscairí trí.



# Iarratais ó scoileanna le bheith mar chuid de Chéim a hAon – dúnta anois

## Go raibh maith agaibh!

Tá an glao ar iarratais ó scoileanna a bheith mar chuid de Chéim a hAon dúnta anois. Tá scoileanna Céim a hAon roghnaithe agus curtha ar an eolas anois.

Fuarthas 170 iarratais don ábhair nua ar an iomlán.

Is iad na h-ábhair nua ná Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe. Beidh teagasc agus foghlaim an dá ábhar seo ag tosú ó 2025/26. Tá na dréachsonráiochtaí ar fáil anseo.



# Glao deiridh: Léirigh do thuairim

## Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Tráinse 2 ábhar

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag dul i gcomhairle faoi Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Tráinse 2 ábhar na hArdteistiméireachta
Is é cuspóir an chomhairliúcháin aiseolas a bhailiú a chabhróidh le bonn eolais a chur faoi obair na ngrúpaí forbartha.

**Tuilleadh eolais anseo**

**Cuntasaíocht**
**Staidéar Foirgníochta**
**Innealtóireacht**
**Béarla**
**Tíreolaíocht**
**Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta**
**Corpoideachas na hArdteistiméireachta.**

## Meabhrúchán: Tráinse 2

7 n-ábhar agus modúl athbhreithnithe

ar a laghad 40% le haghaidh comh-pháirteanna measúnaithe breise

Le bheith i scoileanna 2026

# Nuashonrú ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Ghlac Comhairle CNCM le Ráiteas Chlár na hIdirbhliana agus cuireadh faoi bhráid an Aire agus na Roinne Oideachais é lena bhreithniú agus lena fhaomhadh deiridh. Tá an obair seo ar siúl faoi láthair.

Le linn na scoilbhliana 2024/25, beidh deis ag gach scoil iniúchadh a dhéanamh ar a dtairiscint reatha don Idirbhliain agus é a athbhreithniú nuair is gá de réir an Ráitis Cláir a fhoilseofar go luath.

Tabharfaidh Cigireacht na Roinne tacaíocht agus comhairle do scoileanna ina leith seo le linn na scoilbhliana 2024/25 agus beidh rannpháirtíochtaí na Cigireachta ag léiriú an méid seo.

# Uasdátú ar OSPS sa tSraith Shinsearach

D’fhaomh Comhairle CNCM sonraíocht nua OSPS don tSraith Shinsearach i mí an Mhárta agus cuireadh faoi bhráid an Aire agus an Roinn Oideachais í lena meas agus lena faomhadh.

Is próiseas leanúnach é seo agus eiseofar cumarsáid ar leith in am trátha maidir leis seo. Tá sé beartaithe go mbeidh an curaclam ar fáil do scoileanna go luath.

Ní bheifear ag súil go gcuirfidh scoileanna an curaclam seo i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2024/2025, mura bhfuil sé d'acmhainn acu é sin a dhéanamh. Is chun freastal ar an obair phleanála agus ullmhúcháin riachatanacha é seo, oideachas múinteoirí agus acmhainní ranga san áireamh.

# Dearadh agus Forbairt Measúnaithe

## Comhpháirteanna Measúnaithe Breise

Sa bhreis ar an scrúdú deiridh, beidh Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) i ngach ábhar a mbeidh ar a laghad 40% de na marcanna atá ar fáil ag gabháil léi.  Bhí Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag tabhairt dúshláin dó féin chun comhpháirteanna measúnaithe a dhearadh agus a fhorbairt;

- a dhéanann tástáil chuí ar scileanna, inniúlachtaí agus eolas scoláirí
- a éascaíonn an fhoghlaim trí dhéanamh agus le déanamh
- ar féidir iad a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim
- atá ag lorg cothromaíochta idir ceisteanna bailíochta agus iontaofachta agus inbhainistitheacht don scoláire. don mhúinteoir; d'údarás na scoile agus don chóras i gcoitinne.

Tá sé mar aidhm ag CSS éagsúlacht leathan de chuir chuige measúnaithe a úsáid i dtaca le dearadh CMBanna a bhfuil prionsabail na cothroime agus an chothromais ag buntacú leo. Bainfidh gach CMB le hábhar ar leith agus beidh sí ailínithe leis na torthaí foghlama agus cuireann an obair atá déanta ag CSS le déanaí an t-aiseolas ón gcomhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí san áireamh. Ba cheart go dtuigfí na CMBanna mar chuid chomhtháite de theagasc agus d'fhoghlaim an ábhair; mar phróiseas a éascaíonn dea-chleachtais sa teagasc agus san fhoghlaim agus a thacaíonn leo agus a chuireann ar chumas scoláirí cuspóirí shonraíocht an ábhair a bhaint amach seachas táirge a chur faoi bhráid CSS chun é a mharcáil.

# Treoirlínte maidir leis an CMB agus Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha

Leagtar amach thíos sceideal chun Treoirlínte maidir leis an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise a bhaineann le gach ábhar ar leith a sholáthar; scrúdpháipéir shamplacha; chomh maith le Coimrí samplacha agus beo don CMB do na hábhair go léir i Tráinse 1.

Beidh treoirlínte maidir leis an CMB a bhaineann go sonrach le gach ábhar, arna bhfoilsiú ag CNCM le hionchur ó CSS ar fáil i mí na Samhna 2024.  Bainfidh Oide úsáid as na Treoirlínte sin ina gclár um Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí.

Tá CSS tar éis líon na scrúdpháipéar samplach a sholáthraíonn sé de ghnáth a dhúbailt nuair atá ábhar á thabhairt isteach nó á leasú agus ceithre pháipéar á soláthar do gach ábhar – péire do gach leibhéal.

Beidh na páipéir shamplacha ar fáil i mí Aibreáin 2025 sa scoilbhliain sula dtosófar ar na sonraíochtaí nua a theagasc - 18 mí iomlán níos luaithe ná mar is gnách.

Eiseofar an choimre shamplach don CMB i ngach ábhar ag tús an 5ú Bliain – Meán Fómhair 2025.

Ina dhiaidh sin, eiseofar an choimre bheo i ngach ábhar 4 mhí níos déanaí - i mí Eanáir 2026.

# Amlínte d’Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1

## Samhain 2024

Beidh Treoirlínte maidir le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) i scoileanna. Bainfidh an tOide úsáid astu seo ina c(h)láir Foghlama Gairmiúla um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

## Aibreán 2025

Eiseofar ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 chuig scoileanna. Seo 36 páipéar samplach sna naoi n-ábhar – 72 páipéar ar an iomlán nuair a chuirtear leganacha Gaeilge san áireamh.

## Meán Fómhair 2025

Cuirfear sonraíochtaí in ábhair nua agus in ábhair athbhreithnithe isteach sna scoileanna.  Beidh achoimre shamplach don CMB i ngach ábhar sna scoileanna ag an am céanna

## Éanair 2026

Eiseofar an achoimhre bheo le haghaidh CMBanna i ngach ábhar

# Tacaíocht le haghaidh múinteoirí agus ceannairí scoile

Cuirfidh Oide réimse cuimsitheach d’imeachtaí foghlama gairmiúla ar fáil chun tacú le hathfhorbairt a dhéanamh ar an tsraith shinsearach in 2024/2025.

Cuimseofar leis sin tacaíochtaí tiomanta dírithe ar cheannairí scoile, eispéiris foghlama gairmiúla lae iomláin do gach baill foirne i scoileanna, ceardlanna cnuasaigh lae iomláin do mhúinteoirí a bhaineann go sonrach le hábhar, ceardlanna tiomanta dírithe ar chomhordaitheoirí TY (na hidirbhliana) agus ar mhúinteoirí Chláir Foghlama Leibhéal 1/Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach, mar aon le raon leathan imeachtaí roghnacha agus acmhainní agus ábhair ranga.

Cuirfear tús le laethanta foghlama gairmiúla scoile uile, le béim ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí, an **9 Meán Fómhair** agus leanfaidh sé ar aghaidh i rith na scoilbhliana. Beidh na scoileanna ag cur a ndátaí in áirithe don bhliain seo chugainn le Oide roimh thréimhse an tsamhraidh.

Cuirfear tús lenár n-imeachtaí scoile lae iomláin um cheardlanna cnuasaigh a bhaineann go sonrach le hábhar an **7 Deireadh Fómhair** agus leanfaidh siad ar aghaidh i rith na scoilbhliana. Cuireadh an dáta maidir lena gceardlanna cnuasaigh le haghaidh 2024/2025 ar fáil do na scoileanna cheana féin. Cuirfear tús láithreach le clárú múinteoirí do na ceardlanna cnuasaigh sin nuair a osclófar na scoileanna tar éis thréimhse an tsamhraidh. Beidh Oide i dteagmháil le scoileanna **ag deireadh Mhí Lúnasa** le sonraí maidir leis an bpróiseas clárúcháin sin. Cuimseofar leis na himeachtaí cnuasaigh sin ceardlanna tiomanta don tsraith shinsearach maidir leis na hábhair eolaíochta (Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic) agus Gnó. Freastalófar ar cheardlanna foghlama gairmiúla in ábhair eile i dTráinse 1 le linn 2024/2025 lena n-áirítear an tSean-Ghréigis, an Araibis agus an Laidin.

Roghnófar scoileanna áirithe chun ábhair nua na sraithe sinsearaí amhail Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht agus Drámaíocht, Staidéir Scannán agus Léann na hAmharclannaíochta a thabhairt isteach ina scoileanna ó Mheán Fómhair 2025. Beidh Oide ag obair go dlúth le gach ceann do na scoileanna roghnaithe sin chun tacú le múinteoirí ábhartha le leibhéil foghlama gairmiúla iomchuí chun a chinntiú go bhfaigheann na hábhair sin an tús is fearr ina scoileanna faoi seach.

Taisclann a bheidh i suíomh gréasáin Oide [www.oide.ie](http://www.oide.ie) le haghaidh gach ábhar tacaíochta agus gach acmhainn do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus cuirfear ábhair nua leis ar bhonn leanúnach le linn 2024/2025

Tá sé i gceist ag an Roinn freisin ceardlanna a chomhordú i bhFómhar 2025, chun labhairt le ceannairí scoile faoi chlár na hIdirbhliana a leathnú nó a thabhairt isteach.

# Tacaíochtaí do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile – roinnt dátaí tábhachtacha don dialann

**Lúnasa 2024**


Déanfaidh Oide teagmháil le scoileanna le sonraí maidir leis an gclárú le haghaidh ceardlanna braisle

**9 Meán Fómhair 2024**

Cuirfear tús le laethanta foghlama gairmiúla scoile uile, le béim ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí,

**7 Deireadh Fómhair 2024**

Cuirfear tús le nhimeachtaí scoile lae iomláin um cheardlanna cnuasaigh a bhaineann go sonrach le hábhar



# Sceideal do gach Tráinse foilsithe anois

Déanfar feidhmiú céimneach na sonraíochtaí ábhar nua agus athbhreithnithe, ina mbeidh na socruithe measúnaithe athbhreithnithe, i dtráinsí bliantúla.. Faoin mbliain 2029, beidh athbhreithniú déanta ar na hábhair go léir. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an curaclaim athbhreithnithe agus socruithe measúnaithe i ngach ábhar á leanúint ag gach scoláire a bheidh ag tosú sa chúigiú bliain in 2029 mar scoláire san Ardteistiméireacht bhunaithe

Tráinse **1**
ag tosú 2025

**Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Laidin, Sean-Ghréigis, Gnó, Dramaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**

Tráinse **2**
ag tosú 2026

**Cuntasaíocht, Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht, Béarla, Tíreolaíocht Nascmhodúil GCAT, Corpoideachas**

Tráinse **3**
ag tosú 2027

**Eolaíocht Ríomhaireachta, Grafaic Dearaidh agus Cumarsáide, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic, Ceol, agus Fisic agus Ceimic**

Tráinse **4**
ag tosú 2028

**Ealaín, Eacnamaíocht, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Iodáilis, Polaitíocht agus an tSochaí, Spainnis, agus Teicneolaíocht**

Tráinse **5**
ag tosú 2029

**Matamaitic Fheidhmeach Léann Clasaiceach Seapáinis Liotuáinis Sínis Mandairínis Polainnis Portaingéilis Oideachas Reiligiúnach, agus Rúisis**

# Go raibh maith agaibh arís dóibh siúd a bhí i láthair ag an gComhdháil do Cheannairí Scoile i bPáirc an Chrócaigh















**Is féidir an tuairisc a léamh anseo:** [gov - Rannpháirtíocht i leith Chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí (www.gov.ie)]

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar https://www.gov.ie/seniorcycle Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí: scr_info@education.gov.ie.

An Roinn Oideachais
Department of Education